# Cuntas Reatha

an post money

# Téarmaí agus coinníollacha

17DF1170

Bíonn feidhm ag na téarmaí agus coinníollacha seo nuair a bhíonn Cuntas Reatha An Post Money nó Cuntas Óige An Post Money Mate agat, agus rochtain agat ar aip An Post Money i dtaca leis na cuntais sin. Tá do chearta agus do dhualgais i dtaca le do Chuntas Reatha An Post Money agus do Chuntas Óige leagtha amach sna téarmaí seo.

Ní mór duit na téarmaí seo a léamh go cúramach, toisc go leagann siad amach téarmaí an chomhaontaithe idir tú féin agus An Post. Trí iarratas a chur isteach ar, nó trí úsáid a bhaint as, do Chuntas Reatha An Post Money, nó do leanbh úsáid a bhaint as a gCuntas Óige, tá tú ag glacadh leis na téarmaí seo.

# Téarmaí & Coinníollacha i gcomhair Cuntais Reatha An Post Money

Cuntas reatha is ea Cuntas Reatha An Post Money a bhfuil BIC agus IBAN tiomnaithe aige agus cárta dochair Mastercard® arna eisiúint ag An Post. Tá údarás ag An Post na seirbhísí a sholáthar atá sonraithe san Acht um Sheirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983 (Alt 67) Ordú 2016, (Ionstraim Reachtúil Uimhir 170 de 2016), arna dhéanamh de bhun Alt 67 den Acht um Sheirbhísí Poist agus Teileachumarsáide 1983. Is í Oifig Chláraithe An Post ná **Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.**

Déanann An Post bainistiú ar do chuid cistí. Ós rud é nach Institiúid Creidmheasa sinn, níl do chuid cistí clúdaithe ag an Scéim Ráthaíochta Taiscí in Éirinn. Ach cuirimid cistí custaiméirí i gcuntais leithscartha (ar a dtugtar cuntais 'chumhdaigh' nó cuntais 'cistí cliant') le hInstitiúidí Airgeadais atá faofa ag Bord An Post chun glacadh le taiscí An Post agus a bhfuil údarás acu a bheith i mbun gnó in Éirinn mar Institiúid Creidmheasa, de réir rialacháin an AE agus arna maoirsiú ag Banc Ceannais na hÉireann. Ciallaíonn sé seo go bhfuil do chuid cistí scartha ónár gcuid sócmhainní eile agus gur féidir iad a úsáid chun tusa agus custaiméirí eile a aisíoc i gcás dócmhainneachta, rud nach dócha.

Trádmharc cláraithe is ea Mastercard, agus is trádmharc é dearadh na gciorcal de chuid Mastercard International Incorporated. Tá An Post rialáilte ag Banc Ceannais na hÉireann. Is cuideachta gníomhaíochta ainmnithe é An Post arna chorprú in Éirinn faoin gcláruimhir chuideachta 98788 agus faoi dhliteanas teoranta.

# Míniú ar théarmaí

Ciallaíonn **iarmhéid cuntais** gach airgead i do Chuntas Reatha, lena n-áirítear Prócaí, lúide idirbhearta díolphointe ar feitheamh agus/nó idirbhearta UMB.

Ciallaíonn **Seirbhísí um Fhaisnéis Cuntas** nó **SFC** seirbhís ar líne, arna hoibriú ag tríú páirtí, a sholáthraíonn faisnéis cuntas um íocaíochtaí comhdhlúite duit, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le do Chuntas Reatha.

Ciallaíonn **Soláthraí Seirbhíse um Fhaisnéis Cuntas** nó **SSFC** tríú páirtí a sholáthraíonn Seirbhís um Fhaisnéis Cuntas.

Ciallaíonn **Comhaontú** na téarmaí agus coinníollacha seo a rialaíonn úsáid do Chuntais Reatha An Post Money, mar aon le gach táille infheidhme, a bhfuil liosta iomlán díobh ar fáil ag **anpost.com/currentaccount** nó ag oifigí poist.

Ciallaíonn **Cuntas Reatha An Post Money** nó **Cuntas Reatha,** an Cuntas Reatha An Post Money arna rialú ag an gComhaontú seo, ar cuntas reatha é a chuirtear ar fáil duit (agus/nó duit féin i gcomhpháirt le duine eile a bhfuil Cód Aitheantais Gnó (BIC) agus Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN) tiomnaithe aige agus Cárta Dochair Mastercard arna eisiúint ag An Post, agus a n-áirítear leis aon cheann de na Prócaí Cuntas Reatha An Post Money de do chuid a bhaineann leis.

Ciallaíonn **aip** Feidhmchlár Móibíleach An Post Money trínar féidir Cuntas Reatha An Post Money a rochtain.

Ciallaíonn **UMB** uathmheaisín bainc, i.e. dáileoir airgid thirim.

Ciallaíonn **iarmhéid infhaighte** luach na gcistí i do Chuntas Reatha ag am áirithe nár caitheadh go fóill agus atá ar fáil le híoc as idirbhearta agus táillí atá iníoctha faoin gComhaontú seo. Ní áirítear leis an iarmhéid infhaighte aon suimeanna atá á gcoinneáil i bPrócaí nó aon íocaíochtaí neamh-imréitithe.

Ciallaíonn **cárta** nó **Cárta Cuntais Reatha An Post Money** do Chárta Dochair Mastercard a ghabhann le do Chuntas Reatha An Post Money.

Ciallaíonn **sealbhóir an chárta** sealbhóir ainmnithe an Chuntais Reatha An Post Money (nó sealbhóirí ainmnithe Comhchuntais) dár eisíodh an Cárta.

Ciallaíonn **aisairgead** saoráid aisairgid is féidir le ceannaithe a thairiscint nuair a bhíonn rud á cheannach le cárta.

Is é atá i gceist le **cainéil** ná modhanna trínar féidir leat an Cuntas Reatha agus ár seirbhísí a rochtain. Áirítear orthu seo oifigí poist i bPoblacht na hÉireann, gníomhairí údaraithe, líonra UMB, seirbhísí baincéireachta idirlín trínár Suíomh Gréasáin, tríd an aip nó trí mhodhanna eile dá leithéid a d'fhéadfaimis a leagan síos ó am go ham. Is féidir go n-athródh Cuntas Reatha An Post Money agus seirbhísí is féidir a rochtain agus a úsáid thar na cainéil éagsúla, agus is féidir freisin go n-athródh na

teorainneacha is infheidhme maidir le hidirbhearta nó seirbhísí ar leith thar na cainéil éagsúla.

Ciallaíonn **custaiméir** duine nádúrtha nach bhfuil ag feidhmiú ar bhonn gnó.

Ciallaíonn **seirbhísí do Chustaiméirí** an fhoireann um sheirbhís do chustaiméirí, ar féidir dul i dteagmháil leo trí úsáid a bhaint as na sonraí thíos:

| | |
|---|---|
| **Teileafón** | 00 353 (1) 705 8000 |
| **Seoladh poist** | An Post Money,<br>BillPost,<br>Áras na Fiontraíochta,<br>Bóthar na Ceapaí,<br>Cill Rois,<br>Co. an Chláir,<br>V15 VX23,<br>Éire |
| **Ríomhphost** | customerservices@anpostmoney.com |

Ciallaíonn **airgeadra ainmnithe** an Euro.

Ciallaíonn **Próca** nó **Próca Cuntais Reatha An Post Money** an fheidhmiúlacht a chuirtear ar fáil mar chuid den Chuntas Reatha a ligeann duit iarmhéid áirithe a chur in iúl mar iarmhéid atá scartha ó phríomhiarmhéid an Chuntais Reatha (cé gur cuid fós é den iarmhéid foriomlán sa Chuntas Reatha chun críocha teicniúla agus dlíthiúla), ar féidir cur síos air ar ár suíomh Gréasáin agus ár n-aip mar "**Phróca**" nó mar "**vallait**".

Is é is **comhchuntas** ann ná cuntas reatha in ainm, agus i gcomhsheilbh, beirte.

Ciallaíonn **uimhir theagmhála cárta chaillte nó ghoidte** an uimhir 1800 267678 nó 0044 115 9659218 ó thar lear, ar cheart duit glaoch uirthi láithreach chun do chárta a chur ar ceal sa chás go gcailltear nó go ngoidtear é.

Is é is **ceannaí** ann ná soláthraí earraí agus/nó seirbhísí a ghlacann le Cárta Cuntas Reatha An Post Money mar mhodh íocaíochta cibé acu trí chianmhodh (e.g. teileafón agus ar líne) nó thar an gcuntar (de réir mar is cuí), lena n-áirítear, gan teorannú, miondíoltóirí rannpháirteacha.

Is é is **cuntas ar líne** ann ná Cuntas Reatha An Post Money ar féidir teacht air ar líne ag anpost.com/currentaccount chun iarmhéideanna a fhiosrú agus íocaíochtaí a dhéanamh.

Ciallaíonn **POS** díolphointe laistigh de Cheannaí, áit ar féidir do Chárta a úsáid chun rudaí a cheannach.

Ciallaíonn **Seirbhís um Íocaíocht a Thionscnamh,** nó **PIS**, seirbhís a chuireann tríú páirtí i gcrích, ar iarratas uaitse agus ar do shon, chun ordú íocaíochta a thionscnamh i ndáil le do Chuntas Reatha An Post Money.

Ciallaíonn **Soláthraí Seirbhíse um Íocaíocht a Thionscnamh**, nó **PISP** tríú páirtí rialáilte a bhfuil cead tugtha agat dóibh do Chuntas Reatha An Post Money inrochtana ar líne a rochtain chun ligean dóibh PIS a thionscnamh.

Ciallaíonn **gnéithe slándála** aon uimhir aitheantais phearsanta nó cód slándála eile, lena n-áirítear, gan teorannú, pasfhocail Idirlín nó eile a eisímid duitse nó a chruthaíonn tusa de réir ár dtreoracha nó nósanna imeachta agus gléasanna pearsantaithe agus/nó nósanna imeachta slándála eile a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i ndáil le hoibriú an Chuntais Reatha An Post Money ó am go ham.

Is é **SEPA** an Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro, mar ar féidir le daoine aonair agus cuideachtaí íocaíochtaí a dhéanamh agus a thógáil in Euro, cibé acu idir teorainneacha náisiúnta, nó taobh istigh díobh, faoi na coinníollacha, na cearta agus na dualgais chéanna beag beann ar an áit a bhfuil siad taobh istigh den limistéar sin.

Is é is **aistriú creidmheasa SEPA** ann ná íocaíocht ó do Chuntas Reatha chuig cuntas eile sa limistéar SEPA, ar féidir é a thionscnamh agus a dhéanamh ag **anpost.com/currentaccount**

Socrú is ea **dochar díreach SEPA** a ligeann do thríú páirtí airgead a aistarraingt ó chuntas duine aonair ar dhátaí comhaontaithe, de ghnáth chun billí a íoc. Déanann do chreidiúnaí dochair dhíreacha a thionscnamh agus bíonn siad faoi réir rialacha scéim dochair dhírigh SEPA.

Bíonn **gearrdháileadh** ann i gcás idirbheart a chuirtear i gcrích nuair nach mbíonn dóthain cistí ann don idirbheart sin.

Ciallaíonn **TPP** tríú páirtí rialáilte a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta lena n-áirítear AIS agus PIS, gan a bheith teoranta dóibh.

Tagraíonn **muid/-mid, sinn** nó **ár** do An Post.

Is é is ciall le **suíomh gréasáin** ná **anpost.com/currentaccount**

Ciallaíonn **lá oibre** lá ó Luan go hAoine, an dá lá sin san áireamh, idir 9am agus 5pm cé is moite de laethanta saoire bainc nó poiblí.

Tagraíonn **tú/ sibh** agus **do/ bhur** do shealbhóir Cuntais Reatha An Post Money, do shealbhóirí comhchuntais, do shealbhóir(í) cárta, agus d'aon TPP atá údaraithe agat de réir chlásal 16 (Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta Tríú Páirtí) chun do Chuntas Reatha An Post Money a rochtain agus a oibriú.

# Téarmaí agus coinníollacha Cuntais Reatha

## 1.0 Do Chuntas Reatha

1. Is cuntas é an Cuntas Reatha An Post Money a chuirtear ar fáil duitse (agus/nó i gcomhpháirt le duine eile) a bhfuil BIC agus IBAN tiomnaithe aige agus cárta dochair Mastercard arna eisiúint ag An Post mar aon le haon cheann de do Phrócaí comhcheangailte. Ní cárta creidmheasa é do Chárta. Ní thuillfear aon ús ar chistí a chuirtear do shochar do Chuntais Reatha An Post Money. Coinníonn An Post gach airgead a mhalartaítear don Chuntas Reatha An Post Money i gcuntas bainc le hinstitiúidí údaraithe creidmheasa nó i sócmhainní atá faofa ag Banc Ceannais na hÉireann atá deighilte agus leithscartha ó shócmhainní An Post.

2. Is féidir leat cuntas aonair agus/nó comhchuntas a oscailt. Ní cheadaítear cuntais aonair iomadúla ná comhchuntais iomadúla. Ní cheadaítear duit do Chuntas Reatha An Post Money a úsáid chun críocha gnó ná tráchtála.

3. Ní féidir Cuntas Reatha An Post Money a aistriú chuig aon duine eile; cé is moite dá bhfuil mínithe ag clásal 16 (Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta Tríú Páirtí) i ndáil le TPPanna, níl cead ag éinne é a úsáid ach amháin tú féin agus, nuair is comhchuntas é, an t-úsáideoir údaraithe eile. Is sealúchas de chuid An Post é i gcónaí agus ní mór é a thabhairt ar ais dúinn ar iarratas uainne.

4. Ní chuireann Cuntas Reatha An Post Money saoráid rótharraingte ar fáil agus ní thugann sé creidmheas.

## 2.0 Iarratas agus gníomhachtú a dhéanamh ar do Chuntas Reatha

1. Chun iarratas a dhéanamh ar Chuntas Reatha An Post Money, ní mór duit a bheith 16 bliana d'aois agus i do ghnáthchónaí i bPoblacht na hÉireann. Iarrfaimid fianaise a fheiceáil maidir le cé thú féin, d'aois agus do sheoladh. Iarrfaimid breis fianaise dhoiciméadach i gcásanna áirithe agus/nó is féidir go ndéanfaimis seiceálacha ort.

2. Trí iarratas a dhéanamh ar Chuntas Reatha tá tú ag toiliú go dtabharfar do chuid faisnéise do na gníomhaireachtaí cuí chun na críche seo. Nuair a dhéanaimid seiceálacha leictreonacha, is féidir go ndéanfaí faisnéis phearsanta atá soláthartha agatsa a roinnt le páirtithe eile a d'fhéadfadh taifead a choinneáil den fhaisnéis sin.

3. Ní dhéantar seiceáil chreidmheasa agus ní chuirfear isteach ar do rátáil chreidmheasa.

4. Chun iarratas a dhéanamh ar do Chuntas Reatha ní mór duit teacht i láthair go pearsanta ag oifig poist de chuid An Post nó trí aon mhodh eile a chuirfidh An Post ar fáil duit. Gheobhaidh tú pacáiste fáilte tríd an bpost.

5. Chun do Chárta a ghníomhachtú ní mór duit na treoracha sa litir fáilte a leanúint. Ní féidir leat do Chárta Dochair An Post Money a úsáid go dtí go mbeidh sé seo déanta.

6. Chun do Chuntas Reatha ar líne a ghníomhachtú ní mór do sheoladh ríomhphoist, d'uimhir fóin póca agus sloinne do mháthar roimh phósadh a bheith curtha ar fáil agat tráth a rinne tú iarratas ar do Chuntas Reatha.

7. Chun aip An Post Money nó baincéireacht ar líne a úsáid beidh ort uimhir fóin póca Éireannach a bheith agat. Úsáidtear an aip chun roinnt ceannachán ar líne a fhíorú agus chun rochtain ar ár n-uirlis bhaincéireachta a fhíordheimhniú.

## 3.0 Táillí

1. Tá liosta iomlán táillí ar fáil ag **anpost.com/currentaccount** nó ar iarratas ag Oifigí Poist. Coimeádann An Post an ceart acu féin aon táillí ar do Chuntas atá gan íoc a chur do dhochar do Chuntais Reatha nuair atá cistí curtha agat i do Chuntas Reatha.

## 4.0 Airgead a íoc isteach i do Chuntas Reatha

1. Is féidir leatsa (agus/nó le do chomhshealbhóir cuntais) cistí a thaisceadh i do Chuntas Reatha nó is féidir le tríú páirtí é sin a dhéanamh go leictreonach.

2. Is féidir cistí a thaisceadh i do Chuntas Reatha:

    i. ag aon oifig poist i bPoblacht na hÉireann; nó

    ii. trí aistriú bainc (lena n-áirítear mar shampla aistrithe tuarastail ó fhostóirí agus íocóirí eile agus/nó sochair íocaíochta agus íocaíochtaí rialtais comhchosúla).

    iii. trí mhearthaisce ag **anpost.com/currentaccount** nó tríd an aip. Coimeádann An Post an ceart acu féin roghanna nua a thabhairt isteach i ndáil le do Chuntas Reatha a chistiú agus na roghanna reatha a bhaint, de réir mar is gá. Mura bhfuil roghanna cistithe clúdaithe cheana féin sna téarmaí agus coinníollacha seo, cuirfear ar an eolas tú faoi na hathruithe seo (coinníollacha agus na táillí infheidhme san áireamh).

3. Tá feidhm ag teorainneacha éagsúla i ndáil le hoibriú do Chuntais Reatha agus do Chárta. Baineann siad seo le luach agus líon na n-idirbheart a bhfuil cead agat iad a chur i gcrích agus áirítear leo uasluachanna laethúla do thaiscí agus aistarraingtí airgid thirim ag Oifigí Poist – féach

**anpost.com/currentaccount** chun breis eolais a fháil. Coimeádaimid an ceart diúltú glacadh le haon idirbheart den sórt sin faoinár lánrogha féin.

4. Tabhair faoi deara, go mbeidh do chuid cistí ar fáil lena n-úsáid gan mhoill nuair a fhaighimid iad, murar roghnaigh tú go gcuirfí cuid de na cistí isteach i do phróca(í). Déanfar lóisteálacha seic a chur do shochar tar éis 10 lá oibre. Féach clásal 5 (Do Chuntas Reatha An Post Money) le haghaidh breis eolais.

## 5.0 Do Chuntas Reatha a Úsáid

## Cárta Cuntas Reatha An Post Money

1. Is féidir do chárta a úsáid chun airgead a thaisceadh, a aistarraingt, nó iarmhéid do chuntais a sheiceáil ag aon Oifig Poist i bPoblacht na hÉireann. Glactar le do Chárta ag na milliúin láthair ar fud an domhain pé áit a nglactar le Mastercard. Is féidir do Chárta a úsáid ag aon UMB, POS nó suíomh gréasáin ar líne a thaispeánann marcanna inghlacthachta Mastercard®, Maestro®, agus/nó Cirrus®.

2. Ní bheidh tú in ann do Chárta a úsáid tar éis a dháta éaga. Gheobhaidh tú Cárta nua tríd an bpost roimh aon dáta éaga.

3. Is le An Post do Chárta. Is féidir go ndéanfaimis do Chárta a chur ar fionraí, a theorannú, a athsholáthar nó a chur ar ceal, nó diúltú dá eisiúint nó dá atheisiúint ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

   i. má tá cúis réasúnach againn a bheith imníoch faoi shlándáil do Chuntais Reatha nó do Chárta;

   ii. má tá amhras réasúnach orainn go bhfuil do Chuntas Reatha nó do Chárta á úsáid ar bhealach neamhúdaraithe nó calaoiseach;

   iii. má bhriseann tú cuid thábhachtach den Chomhaontú seo, nó má bhriseann tú téarma ar bith sa Chomhaontú seo arís agus arís eile gan iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach go pras; más gá dúinn é a dhéanamh chun cloí leis an dlí; nó

   iv. mura bhfuil cónaí ort i bPoblacht na hÉireann

4. Má thógaimid aon cheann de na céimeanna dá dtagraítear sa chéad chlásal de 5(c), cuirfimid ar an eolas tú chomh luath agus is féidir (nó nuair a cheadófar dúinn a leithéid a dhéanamh) tar éis dúinn na céimeanna seo a thógáil. Is féidir go n-iarrfaimis ort éirí as do Chárta a úsáid agus é a chur ar ais chugainn nó a scriosadh. Cuirfimid Cárta ionaid ar fáil duit, tar éis breis fiosrúcháin, má chreidimid nach mbaineann na cúinsí atá leagtha amach i gclásal 5(c) le hábhar a thuilleadh.

5. Bainfimid luach idirbheart íocaíochta a dhéantar le do Chárta as an iarmhéid i do Chuntas Reatha An Post Money chomh luath is a dhéantar an t-idirbheart. Bainfimid aon táillí infheidhme freisin chomh luath is a bheidh siad le híoc agat. Féach**anpost.com/currentaccount** le haghaidh breis eolais.

## Íocaíochtaí athfhillteacha – dochair dhíreacha

6. Sula mbainfidh tú úsáid as do Chuntas Reatha, caithfidh tú a chinntiú go bhfuil dóthain cistí ar fáil. Má chuireann tú íocaíocht athfhillteach nó síntiús rialta ar bun ag baint úsáid as do Chuntas Reatha, ní mór duit a dheimhniú go bhfuil dóthain cistí i d'iarmhéid infhaighte chun é a chlúdach. Má tá cistí neamhleor i do Chuntas Reatha déanfar idirbhearta a dhiúltú.

7. Is féidir leat a shocrú go ndéanfar íocaíochtaí dochair dhírigh a bhaint as do Chuntas Reatha, trí do BIC agus d'uimhir IBAN a sholáthar do do chreidiúnaí. Má tá íocaíocht dochair dhírigh le híoc agus mura bhfuil dóthain cistí ar fáil chun an íocaíocht iomlán a chlúdach, déanfar an íocaíocht a dhiúltú.

8. Tá Próca Cuntais Reatha An Post Money deartha chun ligean duit cuid de do chistí a chur i leataobh le haghaidh íocaíochtaí rialta tábhachtacha ar nós billí. Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil dóthain cistí leithdháilte ar do Phróca chun aon íocaíocht rialta dá leithéid a theastaíonn uait a dhéanamh le do Phróca a chlúdach.

9. Tabhair faoi deara nach féidir cistí a leithdháiltear ar do Phróca(í) a rochtain le haghaidh idirbheart ag aon oifig poist, UMB, POS nó le rudaí a cheannach ar líne. Is féidir cistí a bhogadh ar ais ó do Phróca(í) isteach i do phríomh-Chuntas Reatha trí dhul isteach inár Suíomh Gréasáin nó úsáid a bhaint as an aip. Chomh luath is atá athdháileadh cistí curtha i gcrích is féidir na cistí a úsáid láithreach ag aon oifig poist, UMB, POS agus ar líne.

10. Is féidir go n-éascódh An Post úsáid do Chárta ó am go ham trí aipeanna áirithe tríú páirtí, ar nós Google Pay, Fitbit Pay agus Apple Pay. Is féidir sonraí faoi na haipeanna íocaíochta tríú páirtí atá ar fáil a fháil ar ár Suíomh Gréasáin. Coimeádann An Post an ceart acu féin na haipeanna íocaíochta tríú páirtí a athrú faoina rogha féin ó am go ham, faoi réir fołáireamh nach lú ná 30 lá ar ár Suíomh Gréasáin. Beidh téarmaí agus coinníollacha, beartais agus beartas príobháideachais ag soláthraí na haipe íocaíochta tríú páirtí a bhainfidh le hábhar má úsáideann tú a gcuid aipeanna. Bíonn feidhm ag na téarmaí agus coinníollacha tríú páirtí sin idir tusa agus soláthraí na haipe tríú páirtí, agus ní bhíonn An Post páirteach iontu. Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil téarmaí agus coinníollacha, polasaithe agus beartas príobháideachais sholáthraí na haipe íocaíochta tríú páirtí léite agat, agus níor cheart duit an aip

íocaíochta tríú páirtí a úsáid mura bhfuil tú sásta glacadh leo. Má tá ceisteanna agat faoin tseirbhís nó faoi rud ar bith eile a bhaineann le haipeanna íocaíochta tríú páirtí, beidh ort teagmháil a dhéanamh le soláthraí na haipe íocaíochta tríú páirtí go díreach.

11. Má chailltear nó má ghoidtear do Chárta, is féidir leat rochtain éigeandála ar do chistí a shocrú trí dhul i dteagmháil lenár seirbhísí custaiméirí ag **1800 267678.** Tá an uimhir ar fáil 24/7/365. Ní bhíonn fáil ar aistarraingt éigeandála ag oifigí poist ach amháin le linn gnáthuaireanta oscailte.

12. Is féidir go mbeadh feidhm ag teorainneacha caithimh/aistarraingthe ar do Chuntas Reatha, i dtaca le nithe lena n-áirítear aisairgead agus idirbhearta UMB. Féach ar ár Suíomh Gréasáin le haghaidh breis eolais.

13. Is san airgeadra ainmnithe a bheidh gach íocaíocht a dhéanfar ag baint úsáid as do Chuntas Reatha. Má tá tú ag íoc as earraí agus seirbhísí in airgeadra nach ionann é agus an t-airgeadra ainmnithe, déanfar an méid atá le híoc a thiontú ag an ráta a bhfuil feidhm aige ag an am a ndéantar an t-idirbheart a phróiseáil. Ina theannta sin, beidh táille idirbhirt i bhfeidhm le haghaidh aistarraingtí UMB in airgeadra nach ionann é agus an t-airgeadra ainmnithe. Féach **anpost.com/currentaccount** le haghaidh breis eolais.

14. Is féidir go ndiúltóimis idirbheart a phróiseáil nó a onórú:

    i. má táimid amhrasach go bhfuil do Chuntas Reatha nó do Chárta á úsáid ar bhealach neamhúdaraithe nó calaoiseach;

    ii. mura bhfuil dóthain airgid íoctha isteach i do Chuntas Reatha ag an am cuí chun méid an idirbhirt agus aon táille infheidhme a chlúdach; nó

    iii. má chreidimid go mbrisfidh idirbheart an dlí.

15. I gcás chlásal 5(n)(i) thuas, cuirfimid ar an eolas tú chomh luath agus is féidir (ach amháin dá mbeadh sé neamhphraiticiúil nó mídhleathach dúinn a leithéid a dhéanamh). Is féidir leat ceartú a dhéanamh ar aon fhaisnéis a choimeádaimid (agus/nó a bhféadfadh sé gurbh é faoi deara dúinn idirbheart a dhiúltú) trí theagmháil a dhéanamh le seirbhísí custaiméirí ag **customerservices@anpostmoney.com** nó glaoch ar **00 353 (1) 705 8000.**

16. Mar atá le gach cárta íocaíochta, ní féidir linn a dhearbhú go nglacfaidh gach ceannaí do Chárta Cuntais Reatha An Post Money. Tabhair faoi deara go mbíonn ar gach ceannaí a sheiceáil go bhfuil d'Iarmhéid Infhaighte leordhóthanach chun méid an idirbhirt a chlúdach.

17. Is féidir leat d'Iarmhéid Infhaighte a sheiceáil:

    i. ag aon Oifig Poist i bPoblacht na hÉireann;

    ii. ar líne ar ár Suíomh Gréasáin, **anpost.com/currentaccount;**

    iii. ar do ghuthán póca tríd an aip;

    iv. trí ghlaoch ar ár n-uimhir do sheirbhís do chustaiméirí **00 353 (1) 705 8000**

## 6.0 Cainéil leictreonacha

1. Tugann tú údarás agus ordú dúinn gníomhú de bhun gach ordú agus iarratas a fhaightear trínár Suíomh Gréasáin ar an gcoinníoll go ndéantar na horduithe agus na hiarratais trí úsáid a bhaint as na gnéithe slándála cuí. Cé go bhféadfaimis ó am go ham modhanna aitheantais phearsanta breise a iarraidh, ní bheidh ceangal orainn a leithéid a dhéanamh agus is féidir linn gníomhú de bhun orduithe agus iarratais gan aon chéimeanna breise a thógáil chun a chinntiú go bhfuil na horduithe nó na hiarratais sin ionraic.

2. Ní mór duit sinn a chur ar an eolas gan mhoill mhíchuí má thugann tú faoi deara go bhfuil aon ghné shlándála caillte nó goidte.

3. Is féidir go ndiúltóimis gníomhú de bhun aon ordú nó iarratas a fhaightear trínár Suíomh Gréasáin nó aip go dtí go mbeidh sé deimhnithe agat i scríbhinn.

4. Ar do chostas féin, soláthróidh tú agus coinneoidh tú caoi ar aon ghléas a theastaíonn chun ár Suíomh Gréasáin nó an aip a rochtain agus cinnteoidh tú go sásaíonn gach gléas dá leithéid gach riachtanas teicniúil a shonraímid. Tá tú freagrach as aon ghléas a úsáidtear chun rochtain a fháil ar an gCuntas Reatha An Post Money a dhícheangal agus aon fhaisnéis a ghlanadh uaidh sula bhfágann tú gléas dá leithéid gan duine ina bhun. Tú féin amháin atá freagrach as rúndacht, slándáil agus gnéithe slándála an ghléis a chothabháil.

5. Cinnteoidh tú go mbeidh gach ordú a thugann tú dúinn trínár Suíomh Gréasáin nó aip cruinn agus iomlán. Tú féin amháin atá freagrach as gach ordú a bheith cruinn. Nílimid freagrach as aon mhoill ná earráid a eascraíonn as orduithe a thugann tú dúinn atá neamhchríochnaithe, doiléir, neamhréireach nó earráideach. Sa chás go dtugann tú orduithe neamhréireacha dúinn ní bheimid freagrach as gníomhú ná gan gníomhú de bhun aon chuid de na horduithe sin.

6. Is modhanna iad ár Suíomh Gréasáin agus aip chun seirbhísí a sholáthraímid a rochtain agus a úsáid. Dá réir sin, ach amháin sa mhéid go bhforálann an Comhaontú seo a mhalairt, fanann gach sainordú a bhaineann le Cuntas Reatha An Post Money agus gach téarma a bhaineann le Cuntas Reatha An Post Money i bhfeidhm go hiomlán.

7. Cé gurb é ár gcuspóir go mbeadh ár Suíomh Gréasáin, aip agus Cainéil seirbhísí do chustaiméirí ar fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain, beidh ócáidí ann nuair nach mbeidh fáil ar gach gnáthsheirbhís dár gcuid, nó ar chuid díobh, ar chúiseanna teicniúla, slándála, cothabhála nó eile (cibé acu atá smacht againn orthu nó nach bhfuil). Dá réir sin, ó am go ham, is féidir go gcuirfimis ar fionraí, gan aon dliteanas a thabhú, cuid d'fheidhmiúlacht, nó iomlán fheidhmiúlacht, ár Suímh Gréasáin, aip nó seirbhísí do chustaiméirí, ar feadh tréimhsí a dhéanfaimid a shocrú.

8. Beimid, tar éis fógra nach lú ná 2 mhí a thabhairt duit, i dteideal deireadh buan a chur lenár Suíomh Gréasáin, aip nó cainéil seirbhísí do chustaiméirí, nó aon chuid díobh.

9. Is féidir go ndéanfaimis cur le haon cheann dár seirbhísí, ar féidir iad a rochtain agus a úsáid trínár Suíomh Gréasáin, aip nó Cainéil seirbhísí do chustaiméirí, nó iad a aistarraingt, a chur ar fionraí, a leasú nó a athrú ar bhealach eile. Is féidir féachaint ar shonraí na seirbhísí a bhíonn ar fáil ó am go ham ar ár Suíomh Gréasáin.

10. Aithníonn tú go ndéanann tú ár Suíomh Gréasáin a úsáid faoi réir téarmaí agus coinníollacha eile a rialaíonn úsáid ár Suímh Gréasáin agus faoi mar a chuirtear in airde ar ár Suíomh Gréasáin ó am go ham faoin teideal 'faisnéis dlí' agus toilíonn tú a bheith faoina cheangal sin.

11. Aithníonn tú go ndéantar ár Suíomh Gréasáin a úsáid faoi réir na ráiteas um chosaint sonraí agus príobháideachas faoi mar a chuirtear in airde ar ár Suíomh Gréasáin iad ó am go ham agus toilíonn tú a bheith faoina cheangal sin.

12. Cé go mbíonn gach réamhchúram réasúnach slándála déanta againn, baineann sé le nádúr na cumarsáide ar an Idirlíon agus ar bhealaí leictreonacha eile nach féidir linn dearbhú a thabhairt i dtaca le príobháideachas nó rúndacht faisnéis ar bith a bhaineann leat a chuirtear ar aghaidh ar na bealaí sin. Trí rochtain a fháil ar ár Suíomh Gréasáin agus aip agus trí leas a bhaint as na seirbhísí, glacann tú leis gur féidir nach mbeadh an chumarsáid saor ó chur isteach ó thríú páirtithe agus gur féidir nach mbeadh sí faoi rún. Is ar do phriacal féin amháin atá sé úsáid a bhaint as ár Suíomh Gréasáin agus aip.

## 7.0 Comhchuntais

1. I gcás go bhfuil comhchuntas iarrtha agat, tugann tú údarás dúinn Cárta difriúil, UAP difriúil agus ID úsáideora difriúil a chur ar fáil do gach duine de bheirt sealbhóirí an chomhchuntais.

2. Nuair a bhíonn dualgais ar leith ar shealbhóir cuntais (mar shampla i dtaca le húsáid an Chárta), beidh feidhm ag a leithéid de dhualgais i gcás sealbhóirí comhchuntais ar bhonn comhpháirteach agus leithleach (i.e. má tá airgead le híoc le An Post nó aon tríú páirtí beidh an tsuim iomlán in-aisghabhála ó aon duine de na sealbhóirí comhchuntais, nó ón mbeirt acu i gcodanna cothroma nó éagothroma).

3. Taobh amuigh dá bhfuil leagtha amach i gclásal 7(g)(ii), ní féidir an Cuntas Reatha a oibriú ar aon bhonn "comhshínithe" (lena n-áirítear cásanna nuair a chaithfidh an bheirt sealbhóirí comhchuntais toiliú do gach idirbheart aonair nó d'fheidhmiú ar bith a bhaineann leis an gcomhchuntas, e.g. i dtaca le haon íocaíocht nó údarás aistarraingthe).

4. Má tá comhchuntas agat, gníomhóimid de bhun aon ordú ó cheachtar de shealbhóirí an chomhchuntais. Caithfimid le gach sealbhóir comhchuntais amhail go bhfuil siad i dteideal na gcistí uile atá sa Chuntas Reatha beag beann ar aon socruithe príobháideacha, nó roinnt ar úinéireacht na gcistí, atá déanta idir na comhshealbhóirí taobh istigh den chomhchuntas. Chun amhras a sheachaint, beidh sealbhóirí comhchuntais freagrach ar bhonn comhpháirteach agus leithleach as gach idirbheart a dhéantar le ceachtar de na Cártaí a eisíodh agus as aon easnamh a d'eascródh as an gcuntas a úsáid.

5. Beidh rochtain ag gach duine de shealbhóirí an chomhchuntais ar gach faisnéis agus feidhmíocht ar líne a ghabhann leis an gcomhchuntas, agus gníomhóimid de bhun orduithe ó aon duine de shealbhóirí an chomhchuntais a thugtar trínár Suíomh Gréasáin nó aip. Áirítear leis seo Cárta sealbhóra comhchuntais a chur ar fionraí ar orduithe sealbhóra eile i gcás go gcuirtear ar ár súile go mb'fhéidir gur truaillíodh Cárta (beag beann ar an gCainéal trína gcuirtear sinn ar an eolas).

6. Ní féidir Cuntas Reatha aonair a "thiontú" ina chomhchuntas. Chun comhchuntas a oscailt, lean na céimeanna céanna atá i bhfeidhm i dtaca le cuntas sealbhóra cárta aonair ag aon oifig poist i bPoblacht na hÉireann.

7. Maidir le sealbhóirí comhchuntais:

    i. sa chás go gcuireann duine acu sinn ar an eolas faoi aon easaontas idir sealbhóirí an chomhchuntais, is féidir go gcuirfimis stop leis an gcomhchuntas nó go gcuirfimis ar fionraí é. Beidh tú freagrach as aon íocaíochtaí nó aistarraingtí a údaraíonn tú féin nó do chomhshealbhóir

cuntais sula gcuirtear sinn ar an eolas faoi easaontas. Tar éis aon tuairisc dá leithéid, is féidir go gcuirfí úsáid seirbhísí ar fionraí agus go n-iarrfaimis bhur gCártaí ar ais;

**ii.** má theastaíonn ó dhuine acu comhchuntas a chur ar ceal, cuir glaoch ar **00 353 (1) 705 8000**. Beidh síniú na beirte comhshealbhóirí cuntais de dhíth orainn chun dúnadh aon chomhchuntais a dheimhniú.

**iii.** má fhaigheann duine acu bás, ní féidir leis an duine a mhaireann leanúint ar aghaidh ag oibriú an chomhchuntais, ach is féidir leo cistí ar bith atá fágtha a fhuascailt. Beidh ar an duine a mhaireann an comhchuntas atá ann a dhúnadh. Beidh fianaise dhoiciméadach de dhíth orainn ón duine a mhaireann go bhfuil comhshealbhóir an chuntais tar éis bás a fháil sula ndúnfaimid an comhchuntas.

## 8.0 Idirbhearta a údarú

**1.** Maidir le húdarú idirbhirt a dhéantar le do Chárta, is féidir go n-áireofaí leis údarú aon idirbhirt aonair, sraith idirbheart athfhillteach (idirbhearta atá le déanamh ar feadh tréimhse éiginnte san áireamh) nó réamhúdarú ar idirbhearta sa todhchaí a bhfuil nó nach bhfuil cinnteacht ag baint lena méid.

**2.** Measfar idirbheart Cárta Cuntais Reatha An Post Money a bheith údaraithe agat nuair a údaraíonn tú an t-idirbheart ag an POS trí na treoracha a thugann an Ceannaí chun an t-idirbheart a údarú a leanúint; áirítear orthu seo:

**i.** do UAP a chur isteach nó aon chód slándála eile a sholáthar;

**ii.** dearbhán díolacháin a shíniú;

**iii.** do shonraí Cuntais Reatha a sholáthar agus/nó aon sonraí eile a iarrtar ar líne a sholáthar;

**iv.** do Chárta a svaidhpeáil i léitheoir cártaí;

**v.** do Chárta agus do UAP a chur isteach chun aistarraingt airgid thirim a iarraidh ag UMB; iarratas a dhéanamh ar aistarraingt airgid thirim ag aon Oifig Poist i bPoblacht na hÉireann; nó

**vi.** do Chárta a úsáid ag teirminéal éadadhaill.

**3.** Ní féidir leat údarú an idirbhirt Cárta a aistarraingt (nó a aisghairm) tar éis dúinn é a fháil. Ach maidir le haon idirbheart a bhfuil sé aontaithe ina leith go bhfuil sé le cur i gcrích ar dháta níos déanaí ná an dáta a údaraíodh é, is féidir é a aistarraingt má thugann tú foláireamh don Cheannaí (agus má tugann tú cóip den fholáireamh dúinne trí ríomhphost a sheoladh chuig **customerservices@anpostmoney.com**) faoi am scoir gnó ar an lá roimh an lá a mbeadh an t-idirbheart le cur i gcrích.

4. Iarrfar údarú tráth a dhéanfar gach idirbheart Cárta. Ar an drochsheans (ar chúis ar bith) go gcuirtear idirbheart i gcrích nuair nach bhfuil dóthain cistí ar fáil i do Chuntas Reatha don idirbheart sin, ní mór duit an t-easnamh a chúiteamh láithreach.

5. Is ort atá an fhreagracht a dheimhniú go bhfuil dóthain cistí ar fáil agat chun aon idirbheart amach d'aon chineál eile atá údaraithe agat a chlúdach, ar nós dochar díreach SEPA nó aistriú creidmheasa SEPA, agus aon táillí eile ar nós na dtáillí míosúla ar do Chuntas Reatha.

6. Aontaíonn tú go gcaithfidh tú easnamh a aisíoc láithreach chomh luath is a chuirfimid tú ar an eolas faoi. Is féidir go gcuirfimis do Chuntas Reatha An Post Money agus do Chárta ar fionraí go dtí go gcúitítear méid an easnaimh linn.

7. Má chuirimid cistí do dhochar nó do shochar do Chuntais Reatha trí bhotún, aontaíonn tú gur féidir linn an sochar nó an dochar a aisiompú nó ár mbotún a cheartú ar bhealach eile nuair a thugaimid faoi deara é.

8. Glacfaimid leis go mbeidh do threoracha maidir le hidirbhearta athfhillteacha ar bith a chur ar bun ceart agus críochnaitheach agus ní bheimid freagrach as idirbheart a bhfuil treoracha tugtha agat dúinn é a chur i gcrích a údarú i gceart.

## 9.0 Foirceannadh, éag agus cealú

1. Tá ceart agat do Chuntas Reatha An Post Money a dhúnadh ag am ar bith gan foláireamh a thabhairt. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí scríobh chugainn ag: **An Post Money, BillPost, Áras na Fiontraíochta, Bóthar na Ceapaí, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 VX23.** De réir chlásal 7(g)(ii), tá síniú na beirte sealbhóirí cuntais de dhíth chun comhchuntas a dhúnadh. Má tá do Chuntas Reatha An Post Money dúnta nó má tá deireadh curtha agat leis an gComhaontú seo de réir chlásal seo a 9 (Foirceannadh, Éag agus Cealú), cuirfimid stop láithreach le do Chuntas Reatha ionas nach mbeifear in ann é a úsáid. Is féidir le sealbhóirí cuntais aonair iarratas a dhéanamh ar chuntais a dhúnadh freisin trí aip An Post Money.

2. Is féidir linn deireadh a chur leis an gComhaontú seo ar chúis ar bith trí fhógra dhá (2) mhí ar a laghad a thabhairt duit.

3. Is féidir go gcuirfimis deireadh leis an gComhaontú seo láithreach (agus cuirfimid ar an eolas tú chomh luath agus is féidir):

    i. má bhriseann tú cuid thábhachtach den Chomhaontú seo, nó má bhriseann tú aon téarma sa chomhaontú seo arís agus arís eile agus mura réitíonn tú an scéal gan mhoill; nó

    ii. má iompraíonn tú thú féin ar bhealach bagrach nó maslach; nó

iii. má theipeann ort táillí atá tabhaithe agat a íoc nó má theipeann ort aon easnamh a chúiteamh (féach ár Suíomh Gréasáin agus clásal 8 (Idirbhearta a údarú). Chun amhras a sheachaint, faoi réir 7(g) thuas, tiocfaidh deireadh leis an gComhaontú seo sa chás go bhfaighidh tú bás.

4. Is féidir go ndúnfaimis do Chuntas Reatha agus/nó do Chárta a chur ar fionraí láithreach má chreidimid go réasúnach go bhfuil sé á úsáid chun calaois a dhéanamh nó chun críocha neamhdhleathacha eile. Má dhéanaimid é seo, abróimid leat é chomh luath is a bheidh sé ceadaithe go dlíthiúil é sin a dhéanamh.

5. Beidh do Chárta bailí don tréimhse dar críoch an dáta éaga atá leagtha amach ar do Chárta. Ar an dáta éaga, ní fheidhmeoidh do Chárta a thuilleadh agus ní bheidh cearta ar bith eile agat é a úsáid. Gheobhaidh tú Cárta ionaid roimh an dáta éaga.

6. Tar éis Fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo agus/nó tar éis chealú do Chárta, déanfar aon chistí i do Chuntas Reatha, lena n-áirítear cistí atá leithdháilte agat lena n-úsáid trí Phróca(í) a bhaineann leis an gcuntas, a thabhairt ar ais duit chomh luath is a bheidh próiseáil déanta ar gach idirbheart atá tionscanta nó iarrtha agat. Féach clásal 13 (Do Cheart chun Fuascailte), a leagann amach an chaoi a ndéanfar cistí a thabhairt ar ais agus breis téarmaí a bhaineann le cistí a thabhairt ar ais.

## 10.0 Do Chuntas Reatha a choinneáil slán

1. Ba cheart duit caitheamh le do Chárta Cuntais Reatha An Post Money amhail airgead tirim. Má chailltear nó má ghoidtear é, ní mór duit a thuairisciú go bhfuil do Chárta caillte nó goidte ag **1800 267678** nó is féidir go gcaillfeá roinnt den airgead i do Chuntas Reatha, nó a iomlán, amhail is go raibh airgead tirim caillte agat. Ní mór duit do Chárta a choinneáil slán agus gan ligean d'aon duine eile é a úsáid. Ní mór duit UAP do Chárta a choinneáil faoi rún i gcónaí. Ná nocht do dhuine ar bith é.

2. Níor cheart duit aon sonraí slándála a bhaineann le do Chuntas Reatha a nochtadh do dhuine ar bith eile (comhshealbhóirí do chomhchuntais san áireamh, más ann dóibh), ar nós do ID úsáideora agus do UAP ar líne.

3. Má fhostaíonn tú soláthraí tríú páirtí chun Seirbhísí um Thionscnamh Íocaíochta nó Seirbhísí um Fhaisnéis Cuntas a sholáthar ar do Chuntas Reatha, beidh rochtain acu ar do chuntas agus beidh siad in ann gnó a dhéanamh air. Má tá tú in amhras go bhfuil eolas ag aon duine eile ar aon sonraí slándála a bhaineann le do Chuntas Reatha, ba cheart duit gníomhú láithreach chun do chuid sonraí slándála a athrú agus teagmháil a dhéanamh linn láithreach faoi mar atá leagtha amach i gclásal 11(a) (Do Dhliteanas).

4. Nuair a théann tú isteach i do Chuntas Reatha An Post Money ar líne nó trí ghléas móibíleach, ní mór duit céimeanna réasúnacha a ghlacadh lena chinntiú go mbaineann caighdeáin slándála réasúnacha leis an ríomhaire nó leis an ngléas móibíleach. Féach ár Suíomh Gréasáin le haghaidh breis eolais.

5. Ní mór duit seiceálacha rialta a dhéanamh le haghaidh víreas ar do ríomhaire féin.

6. Ní mór duit céimeanna réasúnacha a thógáil chun do ghléas móibíleach agus do ríomhaire a chosaint ionas nach mbeifear in ann iad a úsáid chun rochtain a fháil ar do Chuntas Reatha má chailltear nó má ghoidtear iad.

## 11.0 Do dhliteanas

1. Má thugann tú faoi deara nó má tá tú in amhras go bhfuil UAP do Chuntais Reatha An Post Money nó sonraí do Chuntais Reatha ar eolas ag duine neamhúdaraithe, nó má cheapann tú go ndearnadh idirbheart gan údarás nó go mícheart, nó má tá tú in amhras gur cailleadh nó gur goideadh do Chárta, ní mór duit é sin a rá linn láithreach trí theagmháil a dhéanamh le seirbhísí do chustaiméirí ag: **1800 267678**

2. Is é €50 do dhliteanas uasta i leith aon idirbhearta neamhúdaraithe ar do Chuntas Reatha mura dtaispeánann fiosruithe gurb amhlaidh a d'údaraigh tú an t-idirbheart a bhfuil díospóid faoi, nó más amhlaidh gur ghníomhaigh tú go calaoiseach nó le mórfhaillí, mar shampla má theip ort do Chárta nó UAP do Chuntais Reatha a choinneáil slán nó murar chuir tú sinn ar an eolas faoi chailliúint nó goid nó úsáid neamhúdaraithe a bhain le do Chuntas Reatha, i gceachtar de na cásanna beidh tú faoi dhliteanas iomlán i leith aon chaillteanas a thabhaíonn tú nó sinn, ag eascairt as (mí-)úsáid do Chuntais Reatha An Post Money.

3. Ar an gcoinníoll nár ghníomhaigh tú go calaoiseach nó le mórfhaillí aisíocfaimid aon idirbhearta a léiríonn ár bhfiosruithe nach raibh siad údaraithe agat agus a tharla tar éis duit sinn a chur ar an eolas i dtaca le cailliúint, goid, mí-leithghabháil nó úsáid neamhúdaraithe a bhaineann le do Chuntas Reatha.

4. Tá an ceart agat sonraí a iarraidh i dtaca le hidirbhearta nár údaraíodh nó nach ndearnadh i gceart ar do Chuntas d'fhonn do chistí a aisghabháil. Tar éis dúinn iarratas a fháil uait i scríbhinn, cuirfimid sonraí aon ordú nár cuireadh i gcrích i gceart ar fáil don bhanc ábhartha nó don soláthraí seirbhísí íocaíochta ábhartha d'fhonn do chuid cistí a aisghabháil.

5. Coimeádaimid an ceart againn féin táille a ghearradh ort i leith aon chostas réasúnach a thabhaímid agus aon bheart réasúnach agus riachtanach á dhéanamh againn chun stop a chur le do Chuntas Reatha agus do Chárta agus/nó chun aon airgead atá dlite mar thoradh ar ghníomhaíochtaí neamhúdaraithe a aisghabháil.

## 12.0 Ár ndliteanas

1. Beidh aon dliteanas dár gcuid i dtaca leis an gComhaontú seo faoi réir na n-eisiamh agus na dteorainneacha atá liostaithe sa chlásal seo a 12 (Ár ndliteanas).

2. Ní bheimid faoi dhliteanas i leith caillteanas ar bith a eascraíonn as:

   i. Ceannaí a dhiúltaíonn glacadh le do Chárta;

   ii. aon chúis a eascraíonn as cúinsí neamhghnácha nó cúinsí nach raibh coinne leo agus nach raibh neart réasúnach againn orthu;

   iii. cúinsí a thugann orainn do Chárta a chur ar fionraí, a theorannú nó a chur ar ceal, nó a thugann orainn a eisiúint nó a athsholáthar a dhiúltú má táimid in amhras go bhfuil do Chuntas Reatha á úsáid ar bhealach neamhúdaraithe nó calaoiseach, nó toisc go bhfuil téarma tábhachtach sa Chomhaontú seo briste agat nó briste arís agus arís eile agat.

   iv. dlíthe infheidhme a bhaineann le do Chuntas Reatha a bheith á gcomhlíonadh againn; nó

   v. cailliúint nó truailliú sonraí a bhaineann le do Chuntas Reatha (seachas i gcás gur loiceadh toiliúil nó faillí dár gcuid é)

   vi. úsáid aon fhaisnéise atá curtha ar fáil agat do AISP; ní thugann An Post aon dearbhú go nglacfaidh aon cheannaí ar leith le Cárta Cuntais Reatha An Post Money.

3. Mura n-éilíonn an dlí a mhalairt nó mura bhfuil sé leagtha amach sa Chomhaontú seo, ní bheimid faoi dhliteanas duit i ndáil le haon damáiste indíreach, teagmhasach, iarmhartach, pionósach nó speisialta a eascraíonn as, nó a bhaineann leis, an gComhaontú seo.

4. Ní bheimid faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas a eascraíonn as nó a bhaineann leis na hearraí nó na seirbhísí a cheannaíonn tú le do Chárta nó le haon mhodh íocaíochta eile ó do Chuntas Reatha. Maidir le hearraí agus/nó seirbhísí ar íocadh astu le do Chárta Cuntais Reatha, ní ghlacann An Post aon fhreagracht ná dliteanas maidir lena gcáilíocht, a sábháilteacht, a ndlíthiúlacht, ná aon ghné eile díobh. Maidir le díospóidí a bhaineann le hidirbhearta a dhéantar ag baint úsáid as do Chuntas Reatha nó do Chárta, ba chóir duit iad a shocrú go díreach sa chéad ásc leis an gCeannaí ábhartha/Miondíoltóir Rannpháirteach.

5. Maidir le híocaíocht a thionscnaíonn PISP, i gcás aon suim a chuirtear do dhochar do Chuntais Reatha go mícheart mar gheall ar aon íocaíocht a rinneadh go neamhúdaraithe, go lochtach, nó nach ndearnadh, nó a rinneadh go mícheart, déanfaimid an tsuim sin a aisíoc leat láithreach nó ar a mhéad lá gnó amháin tar éis duit d'iarratas a dhéanamh.

6. Ó am go ham, is féidir go gcuirfí isteach ar do chumas do Chuntas Reatha a úsáid, e.g. nuair a bhíonn obair chothabhála ar siúl. Má tharlaíonn sé seo, seans nach mbeidh tú in ann:

   i. cistí a íoc isteach i do Chuntas Reatha; aistriú SEPA a dhéanamh;

   ii. do Chárta a úsáid chun íoc as ceannacháin nó airgead tirim a fháil ó UMB (más infheidhme);

   iii. faisnéis a fháil faoi na cistí atá ar fáil ar do Chuntas Reatha agus/nó na hidirbhearta a rinne tú le déanaí agus/nó do Phróca(í).

7. I gcás go bhfuil do Chárta fabhtach, ní bheidh de dhliteanas orainn ach Cárta nua a sholáthar duit (agus, chun amhras a sheachaint, ní bheidh tionchar aige seo ar do chuid cistí).

8. I gcás go ndéantar suimeanna a bhaint go mícheart as an iarmhéid atá ar fáil agat, ní bheidh de dhliteanas orainn ach an tsuim mhícheart asbhainte a íoc leat nó a aisíoc isteach i do Chuntas Reatha.

9. I ngach cúinse eile, ní bheidh de dhliteanas orainn ach méid an iarmhéid cuntais a aisíoc.

## 13.0 Do cheart chun fuascailte

1. Tá an ceart agat do chistí a fhuascailt i do Chuntas Reatha An Post Money ag am ar bith. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí iarratas a sheoladh i scríbhinn chuig: **An Post Money, BillPost, Áras na Fiontraíochta, Bóthar na Ceapaí, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 VX23.**

## 14.0 Idirbhearta a bhfuil díospóid ann fúthu

1. Is féidir go mbeifeá i dteideal aisíocaíocht a éileamh i leith idirbheart a rinneadh le do Chárta sna cásanna seo:

   i. níor údaraigh tú an t-idirbheart;

   ii. rinne an Ceannaí an t-idirbheart go mícheart agus cuireadh sinn ar an eolas faoi (de réir chlásal 8 (idirbhearta a údarú));

   iii. níor shonraigh an t-idirbheart an tsuim chruinn ag am a údaraithe agus bhí an tsuim a ghearr an Ceannaí níos airde ná mar a bheifeá ag súil leis go réasúnach, ag cur san áireamh gnáthphatrúin chaithimh ar do Chuntas Reatha nó cúinsí an idirbhirt. (Tabhair faoi deara, áfach, nach nglacfar le héileamh ar aisíocaíocht ina leithéid de chúinsí má cuireadh méid an idirbhirt ar do shúile duit ar a laghad ceithre (4) seachtaine roimh dháta an idirbhirt nó má dhéantar an t-éileamh breis is ocht (8) seachtaine tar éis é a bheith curtha do dhochar do Chuntais Reatha;

iv. tá ceart uathoibríoch agat aisíocaíocht a fháil ar feadh suas le hocht (8) seachtaine tar éis idirbhirt dochair dhírigh. Féach clásal 15(g) agus (h);

v. cuireadh ar an eolas sinn faoin idirbheart nach raibh údaraithe / nach ndearnadh i gceart taobh istigh de thrí mhí dhéag (13) de dháta dochair an idirbhirt.

2. Má tá aon cheann de na cúinsí thuas i gceist, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an gCeannaí ar dtús, toisc go mb'fhéidir go mbeadh réiteach níos tapúla ar an scéal dá bharr. Is féidir leat freisin iarraidh orainn fiosrú a dhéanamh faoin idirbheart nó faoi aon mhí-úsáid a bhaintear as do Chuntas Reatha. Faoi réir théarmaí eile an Chomhaontaithe seo, déanfaimid aisíoc an idirbhirt atá faoi dhíospóid a phróiseáil láithreach. Is féidir go mbeadh orainn breis eolais agus cúnaimh a fháil uait chun fiosrúchán den chineál sin a dhéanamh.

3. Má dhéanaimid idirbheart atá faoi dhíospóid a aisíoc isteach i do Chuntas Reatha agus go bhfaighimid faisnéis ina dhiaidh sin a dheimhníonn gurb amhlaidh a d'údaraigh tú an t-idirbheart agus/nó gur breacadh i do Chuntas Reatha i gceart é, bainfimid méid an idirbhirt a bhí faoi dhíospóid as an iarmhéid atá ar fáil (nó, mura leor an t-iarmhéid atá ar fáil, éileoimid ort an t-easnamh a aisíoc láithreach).

4. Mairfidh na forálacha sa Chomhaontú seo a thugann an ceart duit aisíocaíocht a iarraidh tar éis don Chomhaontú seo teacht chun deiridh.

## 15.0 Cearta tomhaltóirí i ndáil le dochair dhíreacha SEPA

Faoi na rialacha croí-scéime um dhochar díreach SEPA agus faoi rialachán SEPA 260-2012 is féidir leat:

1. Úsáid a bhaint as cuntas singil chun dochar díreach SEPA a íoc in aon tír SEPA;

2. Ordú do An Post diúltú do dhochar díreach SEPA;

3. Cosc a chur ar fheidhmiú aon dochair dhírigh ar do Chuntas Reatha;

4. Creidiúnaithe ar féidir leo dochair dhíreacha SEPA a bhailiú ó do Chuntas Reatha a shonrú;

5. Creidiúnaithe nach féidir leo dochair dhíreacha SEPA a bhailiú ó do Chuntas Reatha a shonrú;

6. Bailiú dochair dhírigh SEPA a theorannú do mhéid áirithe agus/nó tréimhse áirithe;

7. Aisíocaíocht a iarraidh i leith aon dochar díreach SEPA taobh istigh d'ocht (8) seachtaine ón dáta ar ar cuireadh an dochar díreach SEPA do dhochar do Chuntais Reatha. Taobh istigh den tréimhse ocht seachtaine aisíocfaimid thú gan aon cheist a chur;

8. Aisíocaíocht a iarraidh i leith aon dochar díreach SEPA neamhúdaraithe tar éis ocht (8) seachtaine agus taobh istigh de thrí mhí dhéag (13) ón dáta ar ar cuireadh an dochar díreach SEPA do dhochar do Chuntais Reatha.

9. Is féidir leat aisghairm a iarraidh i leith aistriú creidmheasa SEPA atá glanta ar chúis seachas seoladh dúblach, fadhbanna teicniúla as a dtagann Aistriú Creidmheasa SEPA mícheart, agus aistriú creidmheasa SEPA a tionscnaíodh go calaoiseach. Ní dheimhníonn sé seo go dtabharfar cistí an aistrithe creidmheasa SEPA bunaidh ar ais, toisc go mbraitheann aischur cistí ar thoiliú thairbhí an aistrithe.

## 16.0 Soláthraithe seirbhíse íocaíochta tríú páirtí

Má roghnaíonn tú údarás a thabhairt do sholáthraithe tríú páirtí (TPPanna, lena n-áirítear PISPanna agus AISPanna) rochtain a fháil ar do Chuntas Reatha An Post Money ar líne chun íocaíochtaí a dhéanamh nó chun faisnéis a fháil faoi iarmhéideanna i do Chuntas Reatha agus/nó do Chárta:

1. Ní mór duit a dheimhniú go bhfuil aon AISP nó PISP a ordaíonn tú rialáilte. Tá tú freagrach as toiliú soiléir a sholáthar d'aon AISP nó PISP.

2. Sula dtoilíonn tú, ní mór duit tú féin a shásamh i dtaca le méid na rochtana dá bhfuil tú ag toiliú; leis an gcaoi a n-úsáidfear í; agus leis na daoine a gcuirfear do chuid faisnéise ar aghaidh chucu. Nílimid freagrach ach oiread as aon chomhaontú a dhéanann tú le haon AISP nó PISP, agus ní páirtí sinn ina leithéid de chomhaontú.

3. Ba cheart duit tú féin a chur ar an eolas faoi chearta ar bith a bhaineann le haistarraingt údaráis ón tríú páirtí sin agus faoin bpróiseas atá i bhfeidhm acu chun rochtain a bhaint. Mura mian leat úsáid a bhaint as AISP nó PISP a thuilleadh ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leo go díreach chun do chinneadh a chur in iúl dóibh. Bíodh a fhios agat gur féidir go mbeadh rochtain acu ar do Chuntas Reatha An Post Money fós mura n-athraíonn tú do shonraí logála isteach. Is féidir leat é seo a dhéanamh trínár Suíomh Gréasáin.

4. Nuair a cheapann tú PISP, beimid i dteideal brath ar aon ordú tionscanta íocaíochta a eisíonn an PISP sin amhail is gurb é d'ordú é. Gníomhóimid dá bhun amhail is gur sholáthair tú an t-ordú dúinn go díreach.

5. Aon toiliú nó údarás a thugann tú do PISP nó AISP, is comhaontú é idir tú féin agus é. Ní bheidh aon dliteanas orainn i leith aon chaillteanais ar chor ar bith a thabhaítear de thoradh comhaontú ar bith dá leithéid. Nílimid freagrach

i leith úsáid do Chuntais Reatha An Post Money ná faisnéis a bhaineann le do Chuntas Reatha ná aon AISP nó PISP atá ceaptha agat. Beidh pé úsáid dá leithéid a bhainfear as do chuid sonraí pearsanta rialáilte ag an gconradh nó ag an gcomhaontú idir tú féin agus an soláthraí seirbhíse sin.

6. Ní bheimid in ann ordú íocaíochta a fhaightear uaitse nó ó PISP ar do shon a aisghairm, mura bhfuil comhaontú uainne, ón sealbhóir cuntais atá leis an íocaíocht a fháil agus ó aon soláthraí seirbhíse íocaíochta atá bainteach leis an idirbheart áirithe sin. Ní dhéanann sé seo dochar d'aon chearta a d'fhéadfadh a bheith agat i leith aisíocaíochta de réir an Chomhaontaithe seo.

7. Más comhchuntas é do Chuntas Reatha An Post Money, is féidir le duine ar bith de chomhshealbhóirí an chomhchuntais ordú a thabhairt do AISP nó PISP sonraí do chomhchuntais a rochtain nó íocaíocht a thionscnamh ar do chomhchuntas. Má fhaighimid iarratas ó AISP nó PISP do chomhchuntas a rochtain nó íocaíocht a thionscnamh ar do chomhchuntas, glacfaimid leis amhail is go ndearna an bheirt agaibh an t-iarratas go díreach nó gur iarr an bheirt agaibh ar an AISP nó PISP an t-iarratas a dhéanamh thar ceann na beirte agaibh.

## 17.0 Athruithe ar an gComhaontú seo

1. Tá an ceart agat cóip den Chomhaontú seo a fháil ar pháipéar saor in aisce. Déan teagmháil linn ag: **An Post Money, BillPost, Áras na Fiontraíochta, Bóthar na Ceapaí, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 VX23.**

2. Is féidir go n-athróimis téarmaí an Chomhaontaithe seo (lena n-áireofaí, gan teorannú, athruithe ar na táillí reatha nó táillí nua a thabhairt isteach) trí fhógra a thabhairt duit i scríbhinn ar ríomhphost, ar ár Suíomh Gréasáin, nó trí mhodh aontaithe eile ar a laghad dhá (2) mhí sula mbeadh a leithéid d'athrú le tarlú (nó tréimhse níos giorra má éilíonn nó má cheadaíonn an dlí é).

3. Beidh na fógraí agus an leagan nuashonraithe den Chomhaontú seo ar fáil ar ár Suíomh Gréasáin i gcónaí. Molaimid go seiceálfá ár Suíomh Gréasáin go rialta le haghaidh a leithéid d'fhógraí agus d'athruithe.

4. Measfar go mbeidh glactha agat le haon fhógra nó le gach athrú mura ndeir tú linn nach n-aontaíonn tú leis an athrú sula gcuirtear i bhfeidhm é. I gcás mar sin, caithfimid leis an bhfógra a thugann tú dúinn mar fhógra gur mian leat deireadh a chur leis an gComhaontú seo láithreach, agus aisíocfaimid ansin aon iarmhéid ar do Chuntas Reatha de réir chlásal 13 (Do cheart chun fuascailte). Ina leithéid de chás, ní ghearrfar táille aisíocaíochta ort.

## 18.0 Iarmhéideanna cuntais, ráitis chuntais agus cumarsáid i dtaobh do chuntais

1. Beidh gach cumarsáid i mBéarla mura n-éilíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a mhalairt.

2. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn:
tríd an ríomhphost ag **customerservices@anpostmoney.com,**

   ar an teileafón ag **00 353 (1) 705 8000,**
trí scríobh chugainn ag: **An Post Money, BillPost, Áras na Fiontraíochta, Bóthar na Ceapaí, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 VX23.**

3. Admhaíonn tú go mb'fhéidir nach mbeadh aon iarmhéid cuntais a luaitear ar do Chuntas Reatha An Post Money go hiomlán suas chun dáta, toisc go mb'fhéidir nach mbeadh iarmhéideanna cuntais leasaithe chun aistrithe dochair nó sochair a chur san áireamh. Is féidir go mbeadh idirbhearta neamhimréitithe i d'iarmhéid cuntais, a d'fhéadfaí a leasú i gcás nach n-íocfaí aon idirbheart dá leithéid.

4. Gheobhaidh tú ráiteas bliantúil saor in aisce i dtaca le do Chuntas Reatha An Post Money sa phost i mí Eanáir gach bliain (mura n-iarrann tú ríomhráiteas in áit ráiteas páipéir). Áireofar leis an ráiteas seo faisnéis a bhaineann le d'iarmhéid cuntais agus le dochair agus sochair do do chuntas le 12 mhí anuas. Is féidir ríomhráitis a íoslódáil ónár dtairseach bhaincéireachta agus ónar n-aip mhóibíleach agus is féidir iad a rochtain am ar bith. Féach ár suíomh gréasáin le haghaidh breis eolais ag **anpost.com/currentaccount**. Chomh maith leis an ráiteas bliantúil sa phost, is féidir leat ráiteas sa phost a iarraidh am ar bith. Tabhair faoi deara go ngearrfaimid táille riaracháin réasúnach i leith an ráitis breise seo. Féach rannóg na dtáillí agus na muirear ar ár suíomh gréasáin le haghaidh sonraí ag **anpost.com/currentaccount**

## 19.0 Gearáin

1. Más mian leat gearán a dhéanamh, is féidir leat:
glaoch ar sheirbhísí do chustaiméirí ag **00 353 (1) 705 8000**
nó
scríobh chuig: **Bainisteoir Gearán, An Post Money, BillPost, Áras na Fiontraíochta, Bóthar na Ceapaí, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 VX23.**

   Mura bhfuil tú sásta le toradh an ghearáin tá tú i dteideal do ghearán a chur go dtí An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean ag an seoladh seo:
**An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 3ú hUrlár, Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2, D02 VH29.**

   Ríomhphost **info@fspo.ie**
Teileafón **00 353 (1) 567 7000**
Suíomh Gréasáin **fspo.ie**

## 20.0 Cosaint Sonraí

**1.** Bainfimid úsáid as do chuid faisnéise pearsanta:

- **i.** chun do Chuntas Reatha An Post Money a bhainistiú agus na seirbhísí a bhfuil cur síos orthu sa Chomhaontú seo a sholáthar, lena n-áirítear teachtaireachtaí seirbhíse a sheoladh chugat i dtaca le do Chuntas Reatha An Post Money;
- **ii.** chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear ár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht frith-sciúrtha airgid;
- **iii.** chun críocha margaíochta (i gcás gur thoiligh tú, nó go bhfuil cead againn taobh amuigh de sin agus nach bhfuil curtha agat ina choinne); agus
- **iv.** chun críocha eile faoi mar atá leagtha amach inár mbeartas cosanta sonraí nó a bhféadfadh toiliú a bheith tugtha agat ina leith.

**2.** Láimhseálfaimid do chuid faisnéise pearsanta de réir ár mbeartais cosanta sonraí. Tá ár mbeartas cosanta sonraí leagtha amach ar ár Suíomh Gréasáin ag **anpost.com/currentaccount/privacy**

Tá sonraí ann faoin bhfaisnéis phearsanta a bhailímid, conas a úsáidfear í, agus cé dó a dtugaimid í.

Ba cheart ceist nó gearán ar bith faoin úsáid a bhainimid as an bhfaisnéis phearsanta agus/nó i dtaobh fheidhmiú do chuid ceart mar dhuine a sheoladh chuig:

**An Oifig um Príobháideachas Sonraí, An Post, Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2**
nó chuig
**privacyoffice@anpost.ie**

## 21.0 Sannadh

**1.** Is féidir go ndéanfaimis an Comhaontú seo a shannadh d'eintiteas eile, a bhfuil na ceadúnais chuí nó an t-údarás dlíthiúil acu na hoibleagáidí faoi mar atá tugtha sa Chomhaontú seo a chomhlíonadh, ag am ar bith, má thugaimid fógra dhá mhí duit ina leith. Má dhéanaimid é seo, ní chuirfidh sé isteach ar do chearta.

**2.** Beidh tú i dteideal an Comhaontú seo a fhoirceannadh láithreach roimh an dáta a bhí beartaithe don sannadh, agus sa chás sin beidh feidhm ag riachtanais chlásal 9 (Foirceannadh, éag agus cealú).

## 22.0 Inscoiteacht

Má tá aon chlásail nó codanna de chlásail neamhéifeachtach, ní chuirfidh sé sin isteach ar éifeachtacht an chuid eile den Chomhaontú seo.

## 23.0 Dlí rialaithe agus dlínse

Tá an Comhaontú seo rialaithe ag dlíthe na hÉireann agus faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann.

# Aguisín: Téarmaí & Coinníollacha Chuntais Money Mate An Post

Tá feidhm ag na téarmaí agus na coinníollacha san aguisín seo (na "**Téarmaí**"seo) idir tú féin agus An Post sa chás go n-osclaíonn tú Cuntas Reatha Money Mate An Post ("**Cuntas Óige**") mar thuismitheoir nó mar chaomhnóir agus ar mhaithe le leanbh ("do leanbh").

Míníonn na Téarmaí seo na saintéarmaí agus na sainchoinníollacha le haghaidh Cuntas Óige a úsáid agus a oibriú. Más sealbhóir Cuntais Reatha An Post Money tú, tá na Téarmaí seo forlíontach do do Chomhaontú le An Post ("**do Chomhaontú**") le haghaidh do Chuntas Reatha An Post Money ("**do Chuntas Reatha**"). Má tá aon neamhréireacht nó débhríocht idir na Téarmaí seo agus do Chomhaontú, beidh feidhm ag na Téarmaí seo i ndáil leis an gCuntas Óige. Ach ní athraíonn ná ní leasaíonn na Téarmaí seo do Chomhaontú i ndáil le húsáid do Chuntais Reatha, más sealbhóir cuntais den chineál sin tú.

Mura bhfuil Cuntas Reatha An Post Money agat, leagann an t-aguisín seo amach an comhaontú iomlán idir tú féin agus An Post i ndáil leis an gCuntas Óige. Tabhair faoi deara go n-áirítear leis seo roinnt téarmaí ó Théarmaí agus Coinníollacha Chuntas Reatha An Post Money, na cinn atá sonraithe i gclásal 9 de na Téarmaí seo san áireamh. Ba cheart a thuiscint go dtagraíonn "**do Chomhaontú**" do na Téarmaí seo chomh maith le Téarmaí agus Coinníollacha Chuntas Reatha An Post Money a shainaithnítear sna Téarmaí seo. Ní mór duit na téarmaí infheidhme ar fad a léamh go cúramach.

Níl rud ar bith sna Téarmaí seo nó sa Chomhaontú a chruthaíonn conradh idir An Post agus do leanbh, agus tá tú go hiomlán freagrach as tú féin, agus do leanbh cloí leis na Téarmaí seo. Caithfear le haon úsáid nó mí-úsáid a bhaineann do leanbh as an gCuntas Óige nó as an gCárta Cuntais Óige a ghabhann leis amhail is gur gníomh nó faillí de do chuid féin a bhí ann (d'áireofaí íocaíocht a údarú, mar shampla). Ní mór duit na Téarmaí seo a léamh go cúramach. Trí Chuntas Óige a oscailt nó a úsáid, tá tú ag aontú leis na Téarmaí seo.

# Téarmaí Mínithe

Beidh ag focail agus ag abairtí atá sainithe i do Chomhaontú an bhrí chéanna sna Téarmaí seo, seachas sa chás go luaimid a mhalairt go sainráite.

Ciallaíonn **Cárta Cuntais Óige** an Cárta Dochair Mastercard de chuid Chuntas Money Mate An Post arna eisiúint do do leanbh le húsáid maidir lena Chuntas Óige.

Ciallaíonn **Próca** an fheidhmiúlacht a chuirtear ar fáil mar chuid den Chuntas Óige a ligeann duit iarmhéid áirithe a chur in iúl mar iarmhéid atá scartha ó phríomhiarmhéid an Chuntais Óige (cé gur cuid fós é den iarmhéid foriomlán sa Chuntas Óige chun críocha teicniúla agus dlíthiúla).

Tagraíonn **tú, sibh** agus **do, bhur** don duine a osclaíonn an Cuntas Óige.

## 1.0 An Cuntas Óige

1. Is cuntas reatha é an Cuntas Óige a chuirtear ar fáil le húsáid ag do leanbh, lena ngabhann BIC agus IBAN tiomnaithe agus ag a bhfuil Cárta Cuntais Óige agus Prócaí gaolmhara. Ní thuillfear aon ús ar chistí a chuirtear do shochar an Chuntais Óige agus Próca(í). Coinníonn An Post gach airgead a mhalartaítear don Chuntas Óige i gcuntas bainc le hinstitiúidí údaraithe creidmheasa, nó i sócmhainní atá faofa ag Banc Ceannais na hÉireann, atá deighilte agus leithscartha ó shócmhainní An Post.

2. Ní fhéadfaidh tú ach Cuntas Óige amháin aonair a oscailt le haghaidh gach duine de do chuid leanaí. Ní cheadaítear cúpla cuntas le haghaidh aon duine amháin. Tá feidhm ag na Téarmaí ar leithleach maidir le gach Cuntas Óige atá oscailte agat.

3. Ní féidir Cuntas Óige a aistriú chuig aon duine eile. Ní fhéadfaidh ach amháin tú féin agus do leanbh é a úsáid. Ní cheadaítear duit féin ná do do leanbh an Cuntas Óige a úsáid chun críocha gnó nó tráchtála.

4. Ní chuirtear saoráid rótharraingte ar fáil leis an gCuntas Óige agus ní thugtar creidmheas leis.

5. Ní cárta creidmheasa é an Cárta Cuntais Óige. Is sealúchas de chuid An Post é an Cárta Cuntais Óige i gcónaí agus ní mór é a thabhairt ar ais dúinn ar iarratas uainne.

6. Ligeann an Cuntas Óige duit feidhmiúlacht áirithe a chumasú agus/nó rialuithe a leagan síos maidir lena úsáid, lena n-áirítear srianta ar an gcaoi ar féidir é a úsáid. D'fhéadfadh sé go gcaithfeá rialuithe a leagan síos trí do Chuntas Reatha freisin chun roinnt feidhmeanna a chumasú. Tá sonraí maidir leis na feidhmeanna, rialuithe agus srianta roghnacha ar fáil ar **anpost.com/currentaccount.** Tá tusa freagrach as na feidhmeanna, rialuithe agus srianta sin a leagan síos agus iad a fhaire. Is féidir leat feidhmeanna roghnacha a chumasú agus na rialuithe agus srianta sin a shocrú leis an aip.

## 2.0 Iarratas agus gníomhachtú a dhéanamh ar an gCuntas Óige

1. Chun iarratas a dhéanamh ar an gCuntas Óige:

   i. ní mór do do leanbh a bheith idir 7 mbliana agus 15 bliana agus 6 mhí d'aois

   ii. ní mór gur tusa an tuismitheoir nó an caomhnóir dlíthiúil

   iii. ní mór duit do Chuntas Reatha féin a bheith agat le An Post (mura gceadaítear a mhalairt i gcomhréir le clásal 9(a), agus ní mór gur cuntas aonair é agus ní comhchuntas

iv. ní mór cónaí a bheith ort féin agus ar do leanbh i bPoblacht na hÉireann.

2. Iarrfaimid fianaise a fheiceáil maidir le cé thú féin agus do sheoladh. Iarrfaimid breis fianaise dhoiciméadach i gcásanna áirithe agus/nó is féidir go ndéanfaimis seiceálacha ort féin agus ar do leanbh. Trí iarratas a dhéanamh ar an gCuntas Óige tá tú ag toiliú go dtabharfar do chuid faisnéise agus faisnéis do linbh do na gníomhaireachtaí ábhartha chun na críche seo. Nuair a dhéanaimid seiceálacha leictreonacha, is féidir go ndéanfaí faisnéis phearsanta atá soláthartha agatsa a roinnt le páirtithe eile a d'fhéadfadh taifead a choinneáil den fhaisnéis sin.

3. Ní dhéantar seiceáil chreidmheasa agus ní chuirfear isteach ar do rátáil chreidmheasa ná ar rátáil chreidmheasa do linbh.

4. Ní mór duit iarratas a dhéanamh ar Chuntas Óige go digiteach tríd an aip nó trí aon mhodh eile a chuirfidh An Post ar fáil duit. Gheobhaidh tú pacáiste fáilte tríd an bpost ina mbeidh an Cárta Cuntais Óige. Beidh treoracha duit féin agus do do leanbh sa phacáiste fáilte. Gheobhaidh tú ríomhphost freisin ina ndeimhneofar go bhfuil an Cuntas Óige oscailte.

5. Chun an Cárta Cuntais Óige a ghníomhachtú agus cuntas ar líne do linbh a chlárú, ní mór duit na treoracha sa litir fáilte agus/nó sa ríomhphost a leanúint. Ní féidir leat féin ná do leanbh an Cuntas Óige ná an Cárta Cuntais Óige a úsáid go dtí go mbeidh sé sin déanta.

6. Chun an Cuntas Óige a ghníomhachtú ar líne, caithfidh do leanbh an aip a íoslódáil ar ghléas ar leithligh (táibléad nó teileafón) ón gceann a úsáideann tú don aip, agus na treoracha ar an aip a leanúint.

7. Ní bheidh do leanbh in ann dul isteach sa Chuntas Óige ach tríd an aip amháin, agus ní bheidh rochtain aige ar an gCuntas Óige ón Suíomh gréasáin. Ná ní bheidh cead ag do leanbh TPP a údarú ach an oiread chun an Cuntas Óige a rochtain. Beidh tú in ann an fhaisnéis ar fad maidir leis an gCuntas Óige a fheiceáil tríd an aip ar do ghléas féin.

## 3.0 Táillí

**1.** Tá liosta iomlán táillí ar fáil ag **anpost.com/currentaccount** nó ar iarratas ag Oifigí Poist. Tá sonraí na dtáillí a ghearrtar díreach ar an gCuntas Óige ar fáil ar **anpost.com/currentaccount.** Tógfar na táillí eile ar fad a bheidh iníoctha i leith an Chuntais Óige ó do Chuntas Reatha nuair a bheidh siad dlite. Mura bhfuil Cuntas Reatha agat, asbhainfear na táillí, nuair a bheidh siad dlite, ó iarmhéid an mhéid a d'aistrigh tú chuig an aip, tar éis duit cistí a thaisceadh chuig an gCuntas Óige ("**iarmhéid ar d'aip**"). Mura leor an iarmhéid i do Chuntas Reatha nó ar d'aip chun na táillí a chumhdach nuair a bhíonn an íocaíocht dlite, asbhainfear na táillí ábhartha a luaithe is a bheidh cistí curtha agat le hiarmhéid do Chuntais Reatha nó ar an aip. Mura bhfuil cistí san iarmhéid i do Chuntas Reatha nó ar d'aip, coimeádann An Post an ceart chuige féin aon táillí atá gan íoc agus a bheidh iníoctha ar an gCuntas Óige a thógáil as an gCuntas Óige.

## 4.0 Airgead a íoc isteach sa Chuntas Óige

**1.** Féadfaidh tú féin nó do leanbh cistí a thaisceadh isteach sa Chuntas Óige.

**2.** Is féidir cistí a thaisceadh isteach sa Chuntas Óige:

- **i.** ag aon oifig poist i bPoblacht na hÉireann; nó
- **ii.** trí aistriú ón gCuntas An Post atá nasctha agat, tríd an aip.

Coimeádann An Post an ceart chuige féin roghanna nua a thabhairt isteach i ndáil leis an gCuntas Óige a chistiú agus na roghanna reatha a bhaint, de réir mar is gá. Mura bhfuil roghanna cistithe clúdaithe cheana féin sna Téarmaí seo, cuirfear ar an eolas tú faoi na hathruithe seo (na coinníollacha agus na táillí infheidhme san áireamh). Tabharfar fógra maidir leis na hathruithe i gcomhréir le clásal 17 (Athruithe ar an gcomhaontú seo) de Théarmaí agus Coinníollacha Chuntas Reatha An Post Money.

**3.** Tá feidhm ag teorainneacha éagsúla maidir le hoibriú an Chuntais Óige agus Chárta an Chuntais Óige. Baineann siad seo le luach agus líon na n-idirbheart a bhfuil cead agat féin agus ag do leanbh iad a chur i gcrích, agus áirítear leo uasluachanna laethúla do thaiscí agus aistarraingtí airgid thirim ag Oifigí Poist, lena n-áirítear uasmhéideanna a fhéadfar a shealbhú i gCuntas Óige ag aon tráth – féach **anpost.com/currentaccount** chun breis eolais a fháil faoi na teorainneacha sin. Coimeádaimid an ceart diúltú glacadh le haon idirbheart den sórt sin faoinár lánrogha féin.

4. Tabhair faoi deara, go mbeidh do chuid cistí ar fáil lena n-úsáid gan mhoill nuair a fhaighimid iad, murar roghnaigh tú féin nó do leanbh go gcuirfí cuid de na cistí isteach i bPróca(í). Déanfar lóisteálacha seic a chur do shochar tar éis 10 lá oibre. Féach clásal 5 de na Téarmaí seo (An Cárta Cuntais Óige a Úsáid) chun breis eolais a fháil.

## 5.0 An Cuntas Óige agus an Cárta a Úsáid

1. Is féidir an Cárta Cuntais Óige a úsáid ag aon Oifig Poist i bPoblacht na hÉireann chun airgead a thaisceadh, a aistarraingt, nó an iarmhéid ar an gCuntas Óige a sheiceáil. Glactar le Cárta Cuntais Óige ar fud an domhain pé áit a nglactar le Mastercard. Is féidir an Cárta Cuntais Óige a úsáid ag aon UMB, POS nó suíomh gréasáin ar líne a thaispeánann marcanna inghlacthachta Mastercard®, Maestro®, agus/nó Cirrus®. Ní cheadaíonn An Post úsáid na gCártaí Cuntais Óige ag Ceannaithe a bhfuil cód 'MCC' acu ar chinn An Post faoina lánrogha é a bheith mí-oiriúnach do leanaí; mar sin féin, níl An Post freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na Ceannaithe a bhfuil do leanbh in ann idirbheart a dhéanamh leo ná é sin a shrianadh.

2. Ní bheidh tú féin agus do leanbh in ann an Cárta Cuntais Óige a úsáid tar éis a dháta éaga. Gheobhaidh tú Cárta nua Cuntais Óige tríd an bpost roimh aon dáta éaga.

3. Is le An Post an Cárta Cuntais Óige agus cuirtear ar fáil duit é ar mhaithe le do leanbh. Is féidir go ndéanfaidh An Post do Chárta Cuntais Óige a chur ar fionraí, a theorannú, a athsholáthar nó a chur ar ceal, nó diúltú d'eisiúint nó d'atheisiúint an Chárta Cuntais Óige ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh:

    i. má tá cúis réasúnach againn a bheith imníoch faoi shlándáil an Chuntais Óige nó an Chárta Cuntais Óige;

    ii. má tá amhras réasúnach orainn go bhfuil do Chuntas Óige nó an Cárta Cuntais Óige á úsáid ar bhealach neamhúdaraithe nó calaoiseach;

    iii. má bhriseann tú cuid thábhachtach de na Téarmaí seo, nó má bhriseann tú aon cheann de na Téarmaí seo arís agus arís eile agus mura réitíonn tú an scéal ar bhonn caoithiúil;

    iv. más gá dúinn é sin a dhéanamh chun cloí leis an dlí; nó

    v. mura bhfuil cónaí ort féin ná ar do leanbh i bPoblacht na hÉireann.

4. Má thógaimid aon cheann de na céimeanna dá dtagraítear i gclásal 5(c), cuirfimid ar an eolas tú chomh luath agus is féidir (nó nuair a cheadófar dúinn a leithéid a dhéanamh) tar éis dúinn na céimeanna seo a thógáil. Is féidir go n-iarrfaimis ort éirí as do Chárta Cuntais Óige a úsáid agus é a chur ar

ais chugainn nó a scriosadh. Cuirfimid Cárta Cuntais Óige ionaid ar fáil duit, tar éis breis fiosrúcháin, má chreidimid nach mbaineann na cúinsí atá leagtha amach i gclásal 5(c) le hábhar a thuilleadh.

**5.** Tabhair faoi deara nach féidir cistí a leithdháiltear ar do Phróca(í) ar an gCuntas Óige a rochtain le haghaidh idirbheart ag aon oifig poist, UMB, POS nó le rudaí a cheannach ar líne. Is féidir cistí a bhogadh ar ais ó do Phróca(í) isteach sa phríomh-Chuntas Óige trí úsáid a bhaint as an aip. Chomh luath is atá athdháileadh cistí curtha i gcrích, is féidir na cistí a úsáid láithreach ag aon oifig poist, UMB, POS agus ar líne ar an mbealach a thuairiscítear sna Téarmaí seo.

**6.** Is san airgeadra ainmnithe a bheidh gach íocaíocht a dhéanfar ag baint úsáid as an gCuntas Óige.  Má tá tú ag íoc as earraí agus seirbhísí in airgeadra nach ionann é agus an t-airgeadra ainmnithe, déanfar an méid atá le híoc a thiontú ag an ráta tiontaithe airgeadra a bhfuil feidhm aige ag an am a ndéantar d'idirbheart a phróiseáil. Ina theannta sin, beidh táille idirbhirt i bhfeidhm le haghaidh aistarraingtí UMB in airgeadra nach ionann é agus an t-airgeadra ainmnithe. Féach **anpost.com/currentaccount** le haghaidh breis eolais.

**7.** Bainfimid luach idirbheart íocaíochta a dhéantar leis an gCárta Cuntais Óige as an iarmhéid i do Chuntas Óige chomh luath is a dhéantar an t-idirbheart. Bainfimid aon táillí infheidhme freisin as do Chuntas Reatha, nó ón aip mura bhfuil Cuntas Reatha agat, chomh luath is a bheidh siad le híoc agat (faoi réir chlásal 4). Féach **anpost.com/currentaccount** le haghaidh breis eolais.

**8.** Is féidir go ndiúltóimis idirbheart a phróiseáil nó a onórú:

- **i.** má táimid amhrasach go bhfuil an Cuntas Óige nó an Cárta Cuntais Óige á úsáid ar bhealach neamhúdaraithe nó calaoiseach;
- **ii.** mura bhfuil dóthain airgid íoctha isteach sa Chuntas Óige ag an am cuí chun méid an idirbhirt agus aon táillí infheidhme a chlúdach; nó
- **iii.** má chreidimid go mbrisfidh idirbheart an dlí.

**9.** I gcás chlásal 5(h)(i) thuas, cuirfimid ar an eolas tú chomh luath agus is féidir (ach amháin dá mbeadh sé neamhphraiticiúil nó mídhleathach dúinn a leithéid a dhéanamh). Is féidir leat ceartú a dhéanamh ar aon fhaisnéis a choimeádaimid (agus/nó a bhféadfadh sé gurbh é faoi deara dúinn idirbheart a dhiúltú) trí theagmháil a dhéanamh le Seirbhísí do Chustaiméirí ag **customerservices@anpostmoney.com** nó glaoch ar **00 353 (1) 705 8000**

10. Mar atá le gach cárta íocaíochta, ní féidir linn a ráthú go nglacfaidh gach Ceannaí an Cárta Cuntais Óige. Tabhair faoi deara go mbíonn ar gach Ceannaí a sheiceáil go bhfuil d'Iarmhéid Infhaighte leordhóthanach chun méid an idirbhirt a chlúdach.

11. Is féidir leat féin agus le do leanbh an iarmhéid infhaighte a sheiceáil ar an gCuntas Óige:

    i. ag aon Oifig Poist i bPoblacht na hÉireann (ag úsáid an Chárta Cuntais Óige);

    ii. ar do/a fón póca tríd an aip; nó

    iii. trí ghlaoch ar ár n-uimhir um Sheirbhís do Chustaiméirí **00 353 (1) 705 8000** (ní bheidh an rogha sin ar fáil do do leanbh).

12. Níl an fheidhmiúlacht maidir le dochar díreach, íocaíocht SEPA agus airgead tirim éigeandála ar fáil ar an gCuntas Óige. Ba cheart duit caitheamh le do Chárta Cuntais Óige amhail is gur airgead tirim atá ann. Áirítear leis sin an Cuntas Óige a choinneáil sábháilte agus gan ligean d'aon duine seachas tú féin agus do leanbh é a úsáid, agus UAP an Chárta Cuntais Óige a choinneáil faoi rún agus gan é a insint d'aon duine eile. Ní mór duit féin agus do do leanbh sonraí slándála an Chuntais Óige a choinneáil sábháilte freisin agus gan iad a insint d'aon duine eile. Tá feidhm iomlán le forálacha Théarmaí agus Coinníollacha Chuntas Reatha An Post Money a bhaineann le slándáil maidir leis an gCuntas Óige agus an Cárta Cuntais Óige.

13. Má chailltear nó mar ghoidtear an Cárta Cuntais Óige, déan teagmháil láithreach lenár seirbhísí do chustaiméirí ar **1800 267678.** Tá an uimhir ar fáil 24/7/365.

## 6.0 Foirceannadh, éag agus cealú

1. Tá ceart agat do Chuntas Óige a dhúnadh ag am ar bith gan fógra a thabhairt. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí scríobh chugainn ag: **An Post Money, BillPost, Áras na Fiontraíochta, Bóthar na Ceapaí, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 VX23.** Má dhúntar an Cuntas Óige nó má rinne tú foirceannadh ar na Téarmaí sin, blocálfaimid láithreach an Cuntas Óige agus aon Chártaí Cuntais Óige gaolmhara ionas nach féidir iad a úsáid. Déanfar aon chistí a fhanfaidh sa Chuntas Óige a íoc ar ais i do Chuntas Reatha, nó ar an aip mura bhfuil Cuntas Reatha agat.

2. Is féidir linn na Téarmaí seo agus an Cuntas Óige a fhoirceannadh ar chúis ar bith trí fhógra dhá (2) mhí ar a laghad a thabhairt duit.

3. Is féidir linn na Téarmaí seo agus an Cuntas Óige a fhoirceannadh láithreach (agus cuirfimid ar an eolas tú chomh luath agus is féidir) sna cúinsí seo a leanas:

   i. má bhriseann tú cuid thábhachtach de na Téarmaí seo, nó má bhriseann tú aon cheann de na Téarmaí seo arís agus arís eile agus mura réitíonn tú an scéal gan mhoill;

   ii. má iompraíonn tú thú féin ar bhealach bagrach nó maslach dár bhfoireann, nó d'aon duine dár n-ionadaithe;

   iii. má theipeann ort táillí atá tabhaithe agat a íoc nó má theipeann ort aon easnamh a chúiteamh (féach **anpost.com/currentaccount** agus clásal 8 (Idirbhearta a údarú) de Théarmaí agus Coinníollacha Chuntas Reatha An Post Money);

   iv. más gá dúinn é sin a dhéanamh chun cloí leis an dlí; nó

   v. mura bhfuil cónaí ort féin ná ar do leanbh i bPoblacht na hÉireann.

   Chun amhras a sheachaint, tiocfaidh deireadh leis an gComhaontú seo láithreach sa chás go bhfaighidh do leanbh bás.

4. Ar an dáta a sroichfidh do leanbh 16 bliana d'aois, ní bheidh tú in ann faisnéis faoi idirbhearta do linbh ná an úsáid a bhaineann sé as an gCuntas Óige a rochtain níos mó gan cead a fháil uaidh. Ón dáta sin ar aghaidh, féadfaidh do leanbh iarratas a dhéanamh tríd an aip chun Cuntas Reatha An Post Money ("**Cuntas Tiontaithe**") a dhéanamh den Chuntas Óige, agus beidh sé de rogha ag an tuismitheoir leanúint ag íoc táille mhíosúil. A luaithe agus a tharlóidh sé sin, ní bheidh feidhm ag na Téarmaí seo níos mó maidir leis an gCuntas Tiontaithe, cuntas a bheidh faoi réir Théarmaí agus Coinníollacha Chuntas Reatha An Post Money a bheidh infheidhme idir An Post agus do leanbh. Fanfaidh aon chistí a bheidh sa Chuntas Tiontaithe tráth an tiontaithe sa Chuntas Tiontaithe agus beidh do leanbh, mar shealbhóir an chuntais, ina úinéir orthu anois. Mura ndéanann do leanbh iarratas chun an cuntas a thiontú, nó cead a thabhairt duit rochtain a bheith agat ar an gcuntas, reofar an Cuntas Óige Money Mate. Beidh do leanbh fós in ann an cuntas a dhúnadh agus na cistí a aistarraingt.

5. Mura gcomhaontaímid a mhalairt i scríbhinn, déanfar na Téarmaí seo agus an Cuntas Óige a fhoirceannadh láithreach má dhúnann tú do Chuntas Reatha linn (lena n-áirítear má dhéanaimid do Chuntas Reatha a fhoirceannadh ar aon chúis).

6. Is féidir go ndúnfaimis do Chuntas Óige agus/nó do Chárta Cuntais Óige a chur ar fionraí láithreach freisin má chreidimid go réasúnach go bhfuil sé á úsáid chun calaois a dhéanamh nó chun críocha neamhdhleathacha eile. Má dhéanaimid é seo, abróimid leat é chomh luath is a bheidh sé ceadaithe go dlíthiúil é sin a dhéanamh.

7. Tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo (seachas i gcás an Chuntais Óige a bheith á thiontú agus Cuntas Tiontaithe a bheith á dhéanamh de), déanfar aon chistí sa Chuntas Óige, lena n-áirítear cistí nach bhfuil caite go fóill atá leithdháilte agat féin nó ag do leanbh lena n-úsáid trí Phróca(í) a bhaineann leis an gcuntas, a chur ar ais i do Chuntas Reatha, nó san aip mura bhfuil Cuntas Reatha agat, chomh luath is a bheidh próiseáil déanta ar gach idirbheart atá tionscanta nó iarrtha agat féin agus nuair a bheidh na táillí ábhartha próiseáilte. Leagtar amach i gClásal 7 (Do cheart chun fuascailte), an chaoi a ndéanfar cistí a chur ar ais agus téarmaí breise a bhaineann le cistí a thabhairt ar ais nuair a iarrann tú sin.

## 7.0 Do cheart chun fuascailte

1. Tá an ceart agat na cistí i do Chuntas Óige a fhuascailt ag am ar bith sula ndéantar é a thiontú go Cuntas Tiontaithe. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí iarratas a sheoladh i scríbhinn chuig: **An Post Money, BillPost, Áras na Fiontraíochta, Bóthar na Ceapaí, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 VX23.** Ní bheimid freagrach asat féin ná do leanbh maidir le haon dliteanas má fhuasclaíonn tú aon chistí gan aon chead is gá a fháil ó do leanbh chun é sin a dhéanamh.

## 8.0 Cosaint sonraí

1. Anuas ar an úsáid a bhainimid as do shonraí pearsanta maidir le do Chuntas Reatha agus mar a mhínítear i do Chomhaontú, úsáidfimid do chuid faisnéise pearsanta agus faisnéis phearsanta do linbh:

   i. chun an Cuntas Óige a bhainistiú agus na seirbhísí a bhfuil cur síos orthu sna Téarmaí seo a sholáthar, lena n-áirítear teachtaireachtaí seirbhíse a sheoladh chugat i dtaca leis an gCuntas Óige;

   ii. chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear ár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht frith-sciúrtha airgid; agus

   iii. chun críocha eile faoi mar atá leagtha amach inár mbeartas cosanta sonraí nó a bhféadfadh toiliú a bheith tugtha agat ina leith.

2. Láimhseálfaimid do chuid faisnéise pearsanta agus faisnéis phearsanta do linbh de réir ár mbeartais cosanta sonraí. Tá ár mbeartas cosanta sonraí leagtha amach ar ár Suíomh Gréasáin ag: **anpost.com/currentaccount/privacy.** Tá sonraí ann faoin bhfaisnéis phearsanta a bhailímid, conas a úsáidfear í, agus cé dó a dtugaimid í. Ba cheart aon fhiosrúcháin nó gearáin maidir leis an úsáid a bhainimid as do shonraí pearsanta agus / nó feidhmiú do chearta aonair agus sonraí pearsanta agus feidhmiú chearta do linbh a sheoladh chuig:

**An Oifig um Príobháideachas Sonraí, An Post, Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2**
nó trí
**privacyoffice@anpost.ie**
**anpost.com/currentaccount**

## 9.0 Forálacha eile

1. Anuas ar na Téarmaí seo, clásal 6 (Cainéil leictreonacha), clásal 8 (Idirbhearta a údarú), clásal 10 (Do Chuntas Reatha a choinneáil slán), clásal 12 (Ár ndliteanas), clásal 13 (Do dhliteanas), clásal 14 (Idirbhearta a bhfuil díospóidí fúthu), clásal 17 (Athruithe ar an gcomhaontú seo), clásal 16 (Soláthraithe seirbhísí íocaíochta tríú páirtí), clásal 18 (Iarmhéideanna cuntais, ráitis chuntais agus cumarsáid i dtaobh do chuntais), clásal 19 (Gearáin), clásal 21 (Sannadh), clásal 22 (Inscoiteacht) agus clásal 23 (Dlí rialaithe agus dlínse) de:

   i. do Chomhaontú; nó

   ii. i gcás ina gceadaíonn An post do thuismitheoir nó do chaomhnóirí nach bhfuil Cuntas Reatha acu le An Post Cuntais Óige a oscailt, beidh feidhm iomlán ag téarmaí agus coinníollacha Chuntas Reatha An Post Money, maidir le húsáid agus oibriú an Chuntais Óige agus déanfar iad a ionchorprú isteach sna Téarmaí seo; ar choinníoll áfach go ndéanfar tagairtí sna clásail sin do Chuntas(ais) Reatha nó do Chárta(í) i gcás Cuntais Óige mar thagairtí do Chuntas(ais) Óige nó Cárta(í) Cuntais Óige.

2. I gcás ina gceadaíonn An Post do thuismitheoir nó do chaomhnóirí Cuntais nach bhfuil Cuntas Reatha acu le An Post Cuntais Óige a oscailt:

   i. ní fhéadfar cistí a thaisceadh ach amháin isteach sa Chuntas Óige ag aon oifig poist i bPoblacht na hÉireann nó ó do chuntas tríú páirtí tríd an aip;

   ii. féadfar feidhmiúlacht áirithe den Chuntas Óige (lena n-áirítear feidhmiúlacht a chuirtear ar fáil tríd an aip) a laghdú agus féadfaidh táillí breise a bheith i bhfeidhm. Déanfar na táillí uile i gcás den sórt sin a bhaint as an gCuntas Óige (mar a shonraítear ar **anpost.com/currentaccount**) nó as an iarmhéid ar an aip;

   iii. más mian leat an Cuntas Óige a dhúnadh, caithfear aon chistí a bheidh fanta sa Chuntas Óige (chomh luath agus a bheidh próiseáil déanta ar na hidirbhearta go léir a bheidh tionscanta nó iarrtha agat féin agus a bheidh na táillí ábhartha uile próiseáilte) a aistarraingt ag oifig poist An Post, UMB nó iad a fhuascailt mar atá leagtha amach i gclásal 7 sula ndúnfar an Cuntas; agus

**iv.** ní bheidh rochtain agat ach amháin ar fhaisnéis a bhaineann leis an gCuntas Óige trínár n-aip, agus ní bheidh rochtain ag do leanbh ach amháin trínár n-aip nó go pearsanta ag oifig poist An Post.  Ní bheidh aon rochtain agat féin ná ag do leanbh trínár Suíomh gréasáin.

anpost.com/currentaccount

an post money

E00159233 APM T&C-01.23